2024/1801

1.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1801 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Meitheamh 2024

lena socraítear na dleachtanna allmhairiúcháin in earnáil na ngránach is infheidhme ón 1 Iúil 2024 agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1221

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 183 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 642/2010 ón gCoimisiún [2], socraíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1221 ón gCoimisiún [3] leibhéal na ndleachtanna allmhairiúcháin ar ghránaigh. Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 642/2010 a aisghairm. Leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún [4] na rialacha ar i gcomhréir leo a shocraítear dleachtanna allmhairiúcháin ar ghránaigh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1221 a ionadú agus ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin ar ghránaigh a shocrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2384.

(2) In Airteagal 15(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 foráiltear maidir leis na táirgí gránach atá faoi chuimsiú chóid na hAinmníochta Comhcheangailte ('AC') 1001 11 00, 1001 19 00, ex 1001 91 20 (síol cruithneachta boige), ex 1001 99 00 (cruithneacht bhog ardcháilíochta seachas síolta), 1002 10 00, 1002 90 00, 1005 10 90, 1005 90 00, 1007 10 90 agus 1007 90 00, gurb é atá sa dleacht allmhairiúcháin an praghas idirghabhála is bailí i gcás na dtáirgí sin tráth a n-allmhairithe, móide 55 %, lúide an praghas allmhairiúcháin ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL) is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht i gceist. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an dleacht sin an gnáthráta dleachta mar a chinntear ar bhonn an AC a shárú.

(3) Foráiltear in Airteagal 15 (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 go ndéanfar, chun an dleacht allmhairiúcháin a ríomh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, praghsanna allmhairiúcháin CAL ionadaíocha a leagan síos go tráthrialta i gcás na dtáirgí dá dtagraítear sa mhír sin.

(4) De bhun Airteagal 16(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834, is é an praghas allmhairiúcháin atá le húsáid chun an dleacht allmhairiúcháin ar tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 15(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin a ríomh an praghas allmhairiúcháin ionadaíoch laethúil CAL a chinntear trí úsáid a bhaint as an modh dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 642/2010 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2010 maidir le rialacha cur chun feidhme (dleachtanna allmhairiúcháin in earnáil na ngránach) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 187, 21.7.2010, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/642/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1221 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2020 lena socraítear dleachtanna allmhairiúcháin in earnáil na ngránach is infheidhme ón 27 Lúnasa 2020 (IO L 279, 27.8.2020, lch. 1, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1221/oj).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hallmhairí sna hearnálacha ríse, gránach, siúcra agus leannlusanna (IO L, 2023/2834, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2834/oj).

(5) Le Rialachán (AE) 2024/1652 ón gComhairle ([5]) lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim déantar foráil maidir le bearta taraife chun cosc a chur, i measc táirgí eile, ar ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe ón mBealarúis agus ón Rúis leanúint de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach céanna leis na téarmaí a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí ó thionscnaimh neamhfhabhracha eile.

(6) Chun láimhseáil rianúil allmhairí a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag na dleachtanna a shocraítear sa Rialachán seo maidir le hallmhairí ón mBealarúis agus ón Rúis.

(7) Ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 agus ba cheart feidhm a bheith acu go dtí go socrófar dleacht allmhairiúcháin nua agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm.

(8) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1221 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ón 1 Iúil 2024, is éard a bheidh sna dleachtanna allmhairiúcháin in earnáil na ngránach dá dtagraítear in Airteagal 15(1), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 na dleachtanna allmhairiúcháin a shocraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo ar bhonn na faisnéise in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1221 ón 1 Iúil 2024.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,
An tUachtarán,
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (AE) 2024/1652 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L, 2024/1652, 10.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1652/oj).

IARSCRÍBHINN I

DLEACHTANNA ALLMHAIRIÚCHÁIN AR NA TÁIRGÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 15(1) DE RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2834 IS INFHEIDHME ÓN 1 IÚIL 2024

Cód AC	Tuairisc	Dleacht allmhairiúcháin ([1]) ([2]) (EUR/tona)
1001 11 00	Cruithneacht chrua, síolta	0,00
1001 19 00	Cruithneacht chrua ardcháilíochta, seachas síolta	0,00
	Cruithneacht chrua meánchailíochta, seachas síolta	0,00
	Cruithneacht chrua bunchailíochta, seachas síolta	0,00
Ex 1001 91 20	Cruithneacht bhog, síolta	0,00
Ex 1001 99 00	Cruithneacht bhog ardcháilíochta, seachas síolta	0,00
1002 10 00	Seagal, síolta	0,00
1002 90 00	Seagal, seachas síolta	0,00
1005 10 90	Síolta arbhair Indiaigh, seachas hibridí	0,00
1005 90 00	Arbhar Indiach, seachas síolta ([3])	0,00
1007 10 90	Sorgam gráin, seachas hibridí atá le cur	0,00
1007 90 00	Sorgam gráin, seachas síolta	0,00

([1]) Féadfaidh an t-allmhaireoir, de bhun Airteagal 16(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834, tairbhe a bhaint as laghdú ar na dleachtanna seo a leanas:
— EUR 3 in aghaidh an tona, más ar an Meánmhuir (thar Chaolas Ghiobráltar) nó ar an Muir Dhubh atá an calafort díluchtaithe lonnaithe agus más rud é go dtagann na hearraí isteach san Aontas tríd an Aigéan Atlantach nó trí Chanáil Suez;
— EUR 2 in aghaidh an tona, má tá an calafort díluchtaithe lonnaithe ar chósta Atlantach Leithinis na hIbéire, in Éirinn, sa Danmhairg, san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn, san Fhionlainn agus sa tSualainn agus i gcás ina dtagann na hearraí tríd an Aigéan Atlantach.

([2]) I gcás na dtáirgí de thionscnamh na Bealarúise agus na Rúise nó táirgí a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach ó na tíortha sin, freagróidh na dleachtanna is infheidhme don ghnáthráta dleachta a shocraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

([3]) Féadfaidh an t-allmhaireoir leas a bhaint as laghdú cothromráta EUR 24 in aghaidh an tona i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834.

IARSCRÍBHINN II

EILIMINTÍ CHUN NA DLEACHTANNA ALLMHAIRIÚCHÁIN A LEAGTAR SÍOS IN IARSCRÍBHINN I A RÍOMH

1. Meáin thar an tréimhse thagartha dá dtagraítear in Airteagal 16(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834:

(EUR/tona)

	Cruithneacht bhog [1]	Arbhar Indiach
Malartú	Minneapolis	Chicago
Luachan	263,298	163,896
Préimh Mhurascaill Mheicsiceo	—	19,921
Préimh Mór-Lochanna	40,942	—

[1] Préimh dhearfach EUR 14 in aghaidh an tona arna hionchorprú i gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834.

2. Meáin thar an tréimhse thagartha dá dtagraítear in Airteagal 16(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834:

(EUR/tona)

Costais lasta: Murascaill Mheicsiceo-Rotterdam	24,529
Costais lasta: Mór-Lochanna-Rotterdam	44,129